

MUSIC GENERATION

MAKING MUSIC EDUCATION HAPPEN

Ireland's National Music Education Programme
A Music Network initiative, co-funded by U2, The Ireland Funds,
The Department of Education and Skills
and Local Music Education Partnerships

Music Generation DAC Tuarascáil Bhliantúil 2018



Réamhrá agus Cur i Láthair	1
1. Cé muid féin	3
2. Spriocanna Straitéiseacha	5
3. Tionchar	9
4. Rialachas	12
5. Comhpháirtithe Maoinithe	13
Aguisíní	14

Réamhrá

Tá ríméad orm an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2018 a chur i láthair. Ba bhliain thábhachtach í inar lean *Music Generation* den soláthar a dhéantar do leanaí agus daoine óga in Éirinn a mhéadú agus leathnú. Le 12 mhí anuas, cuireadh tús le clár oibre agus pleán a leagan amach chun Music Generation a leathadh amach ar bhonn céimneach i 9 gceantar nua sa tír agus glacadh na chéad chéimeanna chun é a thabhairt isteach ar fud na tíre faoi 2022.

Ní fhéadfaí an dul chun cinn seo de chuid Music Generation a bhaint amach gan an tiomantas agus an tacaíocht leanúnach a chuir ár gcomhpháirtithe tábhachtacha ar fáil. Ba mhaith liom aitheantas faoi leith a thabhairt do U2, The Ireland Funds, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Music Network, An Chomhairle Ealaíon, agus líonra na gComhpháirtithe Oideachais Ceoil Áitiúil lena n-oibrímid i ndlúthchomhar i dtreo an sprioc choiteann atá againn a bhaint amach: chun saol leanaí agus daoine óga a fheabhsú trí rochtain a bheith acu ar theagasc ceoil.

Tugann an foilseachán seo deis freisin dom fáilte a chur roimh Anna Marie Delaney agus David Leahy chuig an mBord, a mbeidh luach as cuimse ar a gcuid eolais agus saineolais agus muid ag dul isteach sa chéad chéim eile den fhorbairt. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Jackie Maguire agus Shaun Purcell, Comhaltaí Boird atá ag éirí as, a rinne obair mhór chun misean Music Generation a chur chun cinn le linn na mblianta seirbhíse a chuir siad isteach go dúthrachtach.

An cur chuige ceannródaíoch i leith na comhpháirtíochta daonchairdis poiblí an bhunchloch a bhí riamh ag Music Generation agus tá athrú ó bhonn curtha ar oideachas ceoil thaibhithe in Éirinn le hocht mbliana anuas. Is é an láidreacht is mó a bhaineann leis an eagraíocht seo go bhfuil an fhís chéanna ag na comhpháirtithe ar fad chun 'oideachas ceoil a bheith ar fáil' do na páistí agus do na daoine óga lena mbímid ag obair. Táim ag súil le leanúint ar aghaidh i mbun comhoibrithe lenár gcomhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta, na Comhaltaí eile de chuid an Bhoird agus le Feidhmeannach Music Generation, chun tógáil ar a bhfuil curtha i gcrích go dtí seo, agus chun fad a chur le raon an chláir bhunaithrithigh seo sa bhliain amach romhainn.

Leo Blennerhassett, Cathaoirleach

Cur i Láthair

Is é an fhís shoiléir atá taobh thiar de Music Generation ó bunaíodh é in 2010 ná rochtain uilíoch ar theagasc ceoil a chur ar fáil do gach páiste agus duine óg gan bheann ar chúinsí saoil. In 2018 rinneadh dul chun cinn den scoth ar an aistear i dtreo na sprice coitinne seo tríd an obair thiomanta comhpháirtíochta a chuir deontóirí, lucht maoinithe agus comhpháirtithe i gcrích.

Le linn an chéad leath den bhliain, ceapadh Oifigigh Forbartha de chuid Music Generation i gcúig cheantar nua in Éirinn, rud a réitigh an bealach le go mbeadh na mílte leanbh agus duine óg eile in ann páirt a ghlacadh in eispéiris cheoil bunathraitheach ina gceantar féin. I mí Márta, d'óstálar an chéad tionóil náisiúnta de cheoltóirí Music Generation; inar cuireadh deis thairbheach ar fáil chun foghlaim agus saineolas a roinnt ar fud an líonra lucht gairme oilte lena mbímid ag obair.

Bhí ríméad orainn an scéal a roinnt maidir le cinneadh na Comhairle Ealaíon chun a comhpháirtíocht le Music Generation a athnuachan. Mar gheall air sin beifear in ann taithí fheabhsaithe a chur ar fáil do dhaoine óga agus gnéithe eile a chur le croíchlár atá ann cheana sna trí bliana atá romhainn. I mí Meán Fómhair, rinneamar ceiliúradh in éineacht lenár ndeontóirí agus maoinitheoirí gur bhaineamar Gradam 'Allianz Business to Arts' amach don Chomhpháirtíocht Fhadtéarma is Fearr.

Chomh maith leis sin cuireadh sraith deiseanna taibhithe móra ar fáil do dhaoine óga in 2018, rud a chuir deis ar fáil do Music Generation na féidearthachtaí iontacha atá ar fáil do leanaí agus daoine óga trí cheol a roinnt leis an bpobal i gcoitinne. Ina measc bhí taibhithe do HRH Prionsa Séarlas, Prionsa na Breataine Bige agus Camilla, Bándiúc Chorn na Breataine i gCathair Chorcaí, taibhiú beo ar an RTÉ Late Late Toy Show agus

ceolchoirm de chuid ceoltóirí óga as contae Laoise mar chuid de Cheiliúradh Deireadh Seachtaine Mhonacó de chuid *The Ireland Funds*.

Ní fhéadfaí na héachtaí suntasacha seo a chur i gcrích gan tacaíocht thiomanta ár nDeontóirí Daonchairdiúla, An Roinn Oideachais agus Scileanna, agus an líonra Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla. Leanfaimid orainn ag obair go dúthrachtach lenár spriocanna coiteanna a bhaint amach in 2019 agus níos faide amach, le go mbeifear in ann na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga trí theacht a bheith acu ar oideachas ceoil thaibhithe ar ardchaighdeán.

Rosaleen Molloy, Stiúrthóir Náisiúnta

1. Cé muid féin

Is é Music Generation an Clár Náisiúnta maidir le hOideachas Ceoil in Éirinn a chuireann athrú ó bhonn ar shaol leanaí agus dhaoine óga trí dheis a thabhairt dóibh, ina gceantar féin, ar oideachas ardchaighdeán i seinm an cheoil. Chuir Music Network tús le Music Generation agus déanann U2, The Ireland Funds, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla cómhaoiniú air.

Fís

‘Tá an méid a theastaíonn uainn a bhaint amach an-simplí i ndáiríre. Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbeidh teacht ag cách, beag beann ar a gcuid cúinsí, ar theagasc an cheoil. Is é sin an smaoineamh atá taobh thiar de.’ (Bono/U2)

Plean Straitéiseach Music Generation, 2016 – 2021

Misean

Athrú a chur ar shaol leanaí agus daoine óga trí rochtain ar oideachas ardchaighdeán i seinm an cheoil, iad a chumasú lena gcruithaitheacht a fhorbairt, lena lán-acmhainneacht a bhaint amach, agus cur lena bhforbairt phearsanta, laistigh de phobal bríomhar ceoil.

Plean Straitéiseach Music Generation, 2016 – 2021

An Bord

Bunaíodh Music Generation DAC mar fhochuideachta de Music Network CLG, agus tá Music Generation á rialú ag naoi gcomhalta atá ar an mBord Stiúrtha.

Comhaltaí Boird Music Generation in 2018:

- **Leo Blennerhassett** Cathaoirleach, Comhairleoir Bainistíochta agus Iar-Stiúrthóir Bainistíochta *Accenture Ireland*.
- **Pat Burke** Iar-Ard-Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais agus Cathaoirleach Choimisiún na Scrúduithe Stáit le gairid anuas
- **Anna Marie Delaney** (ó Shamhain 2018) Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí
- **An Dr Clíona Doris** Ceannasaí, Léann na Ceolfhoirne, Ardscoil Ceoil agus Drámaíochta Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath
- **Martin Drury** Coimeádaí agus Comhairleoir Neamhspleách
- **David Leahy** (ó Bhealtaine 2018) Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
- **Jackie Maguire** (go dtí Meán Fómhair 2018) Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Mí
- **Deirdre McCrea** Sainchomhairleoir ar na hEalaíona Neamhspleácha agus Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin de chuid Music Network
- **James Morris** Bunaitheoir Windmill Lane Studios, Windmill Lane, Pictures and the Mill, (Londain), ag obair faoi láthair le Windmill Lane chun Stiúideo Maisíochta Físe a bhunú i mBaile Átha Cliath
- **Chantal O’Sullivan** (ó Ean 2018) Ceannaí seandachtaí, comhalta de chuid Bhord Nua Eabhrac de Chumann Seirseach na hÉireann, comhalta de chuid *The Ireland Funds* agus Teach na hÉireann Glucksman i Nua Eabhrac.
- **Shaun Purcell** (go dtí Bealtaine 2018) Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
- **Bill Whelan** Ceoltóir agus Cumadóir

An Fhoireann

Foireann Oifig Náisiúnta Forbartha Music Generation in 2018:

- **Rosaleen Molloy**, An Stiúrthóir Náisiúnta
- **Eve O’Kelly** Bainisteoir Tacaíochta agus Forbartha MEP
- **Liz Powell** (ó Mheán Fómhair 2018) Bainisteoir Tacaíochta MEP
- **Aoife Lucey** Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta
- **Amy Byrne** Oifigeach Cumarsáide agus Riaracháin
- **Cathriona Grange** Bainisteoir Oibríochtaí
- **Helen Grant** Bainisteoir Airgeadais

Airgeadas

- B’ionann ioncam iomlán Music Generation le linn na bliana 2018 agus €3,651,332.
- Fuarthas bunmhaoiniú €872,544 ón Ireland Funds agus fuarthas €2,565,000 ón Státchiste tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Fuair Music Generation €198,713 freisin tríd an gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon a chuireann luach breise le cláir croíláir Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil.
- Áiríodh ar ioncam eile a fuarthas (€15,075) taise airgid agus maoiniú le tacaíocht a chur ar fáil do dhiseanna taibhithe ceoltóirí óga. Tá ráiteas airgeadais maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí.
- Clúdaíonn na cistí a leithdháiltear ar Music Generation costais eisíocaíochta cláir do Chomhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla agus costais reatha na hOifige Náisiúnta Forbartha.

2. Spriocanna Straitéiseacha

Tosaíocht Straitéiseach 1: FÁS		Gníomhaíochtaí maidir leis an bPlean Feidhmithe 2018
Spriocanna	Gníomhartha	
<ul style="list-style-type: none"> Leathnú chuig níos mó ceantar ar fud na tíre Cothú a dhéanamh ar fhás i dtéarmaí méid an tsoláthair leis na Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla atá ann cheana agus a bunaíodh i gCéim 1 	<ul style="list-style-type: none"> Comhpháirtíochtaí Oideachais nua Ceoil Áitiúla (LMEPanna) a chómhaoiniú agus oibriú leo Treoir agus tacaíocht a thabhairt don mhéid a chuireann na LMEPanna atá ann cheana ar fáil chun cur le méid an tsoláthair agus iad ag díriú ar chur le hacmhainn chun: <ul style="list-style-type: none"> Cothabháil agus athrú a dhéanamh ar éagsúlacht na hoibre i measc ceoltóirí ar fud scála an oideachais i seinm an ceoil Cothú a dhéanamh ar fhás, dul chun cinn agus neamhspleáchas ceoil leanaí/daoine óga ar fud ilchineálacht cláir, seánraí ceoil agus comhthéacs Leagan amach cláir fadama a fhorbairt a dhéanann cumasú ar chomhpháirtíocht ghníomhach idir ceoltóirí agus leanaí/daoine óga Leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh chun an comhoibriú a spreagadh idir LMEPanna Music Generation trí thionscadail réigiúnacha agus náisiúnta Leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh i ndeiseanna foghlama agus líonraithe do raon comhpháirtithe atá rannpháirteach in éiceachóras comhpháirtíochta níos leithne Music Generation 	<ul style="list-style-type: none"> Tús curtha leis an bpróiseas an clár a bhunú i 9 gCeantar nua LMEP in 2 chéim: <ol style="list-style-type: none"> Céim 1, Ean – MF: Loch Garman, Port Láirge, Contae na Gaillimhe, dlr, Liatroim Céim 2, Iúil – Nol: Cathair na Gaillimhe, Cill Chainnigh, Ros Comáin, an Cabhán/Muineachán Beartaíodh plean feidhmithe i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) do leathadh Music Generation ar fud na tíre faoi 2022 Trí fheidhm leanúnach acmhainní Tacaíochta agus Forbartha na hOifige Náisiúnta Forbartha: <ul style="list-style-type: none"> An dlúth-theagmháil idir seachadadh cláir agus cleachtadh ceoltóirí sna LMEPanna coinnithe; aiseolas tráthúil agus cuiditheach curtha ar fáil Thug tacaíocht do LMEPanna maidir le forbairt leanúnach clár Thug tacaíocht do chur i bhfeidhm pleananna LMEP; foghlaim chomhroinnte idir LMEPanna chun tacú le cláreagrú éifeachtach Tús curtha le ceithre thionscadal i gcomhar idir LMEPanna agus tacaíocht curtha ar fáil dóibh in 2018 tríd an gCiste Cruthaitheachta agus Comhoibríthe Tionóladh an chéad lá de Lá Náisiúnta na gCeoltóirí Music Generation

Tosaíocht Straitéiseach 2: INBHUANAITHEACHT		Gníomhaíochtaí maidir leis an bPlean Feidhmithe 2018
Spriocanna	Gníomhartha	
<ul style="list-style-type: none"> Leanadh, trí chomhpháirtíocht, le forbairt, neartú agus cothabháil a dhéanamh ar an mbonneagar don oideachas i seinm an cheoil Tacaíocht a thabhairt d'fhiúntas an oideachais i seinm an cheoil i saol leanaí/daoine óga trí rannpháirtíocht éifeachtach leis na príomhgheallsealb hóirí agus le spriocdhreamanna 	<ul style="list-style-type: none"> Oibriú le Ranna Rialtais agus LMEPanna ábhartha chun freastal ar riachtanas Music Generation maidir le foireann oibre a bheith ann ag a bhfuil na scileanna cuí thar réimse ról ealaíne/bainistíochta, ceoltóra, agus riaracháin/tacaíochta chun forbairt amach anseo a chothú Oibriú le Daonchairde, leis an Rialtas agus le LMEPanna, trí chomhpháirtíocht phoiblí-príobháideach, chun leanúint le sruthanna maoinithe inbhuanaithe fadtéarmacha a bhaint amach. Oibriú go héifeachtach le LMEPanna nua agus le LMEPanna atá ann cheana trí fhreagairt go straitéiseach ar bhealach comhordaithe d'fhorbairt fadtéarmach agus do riachtanais inbhuanaitheachta Cur le heolas an phobail ar an tionchar atá ag Music Generation Cur le hobair LMEPanna agus í a chur chun cinn Guth na hóige a chumhachtú trí ardán a chur ar fáil d'abhcóideacht leanaí/daoine óga maidir le hoideachas i seinm an cheoil 	<ul style="list-style-type: none"> Teagmháil coinnithe le DES le súil nithe a bhain leis an bhfoireann oibre a bhrú chun cinn Trí theagmháil leanúnach a dhéanamh le DES, forbraíodh plean feidhmithe maidir le Music Generation a leathadh ar fud na tíre faoi 2022 Teagmháil coinnithe leis an gComhairle Ealaíon maidir le comhpháirtíocht nua trí bliana a chur i bhfeidhm Cinntíodh 50% d'ioncam meaitseála LMEP a thiomsú Leanadh de chlár tacaíochta a chur i bhfeidhm chun LMEPanna nua a chur ar bun. Chuathas i mbun oibre le LMEPanna Céim 1 maidir le pleananna straitéiseacha cúig bliana a chur i gcrích Leanadh de thacaíocht straitéiseach agus comhairle a chur ar fáil do LMEPanna Céim 1 maidir leis na pleananna cúig bliana atá acu faoi láthair a chur i bhfeidhm; cuireadh ar chumas LMEPanna teacht a fháil ar infheistíocht bhreise tríd an gCiste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe chun tacú le cláir a fhorbairt Leanadh de dheiseanna Líonra Gairmiúil Foghlama a thacú ar fud LMEPanna ina ndírítear ar fhoghlaim a roinnt agus an dea-chleachtas a chur chun cinn Plean straitéiseach cumarsáide do Music Generation curtha le chéile agus curtha i bhfeidhm atá leagtha amach chun feachtas an phobail a mhéadú agus clú a fhorbairt i measc dreamanna spéise barrthábhachtach trí PR spriocdhírithé agus margaíocht ar fud réimse éagsúil cainéal Scéal agus tionchar Music Generation taifeadta agus roinnte chun tacú leis na tosaíochtaí straitéiseacha d'fhás, inbhuanaitheacht agus ardchaighdeán Leanadh d'fhorbairt a dhéanamh ar an gClár Young Ambassadors go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí bheo-léiriú agus trí ardáin dhigiteacha

¹ Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla an Chláir agus Bhaile Átha Cliath Theas

¹ Cómhainithe trí infheistíocht na Comhairle Ealaíon, daonchairdis agus DES

		<ul style="list-style-type: none">• Chuathas i bhfeidhm ar dhearcadh an phobail i ndáil leis an luach agus an tionchar atá ag an oideachas i seinm an cheoil trí ardán a chruthú do leanaí agus daoine óga chun a scéal Music Generation féin a insint ina bhfocail féin
--	--	--

Tosaíocht Straitéiseach 3: CÁILÍOCHT		Gníomhaíochtaí maidir leis an bPlean Feidhmithe 2018
Spríoc	Gníomhartha	
<ul style="list-style-type: none"> Oibriú leis na comhpháirtithe go léir laistigh de Chomhpháirtíochta í Oideachais Ceoil Áitiúla Music Generation leis an gcáilíocht is airde taithí a bhaint amach do leanaí/daoine óga san oideachas i seinm an cheoil 	<ul style="list-style-type: none"> Cultúr láidir maidir le foghlaim comhroinnte a chothú ar fud Líonra LMEP Music Generation trí: <ul style="list-style-type: none"> Tacaíocht a thabhairt do LMEPanna chun ardchaighdeán ealaíne agus oideachais a fhorbairt, a chur in iúl, agus a chothabháil sa phleanáil straitéiseach a dhéanann siad maidir leis an oideachas i seinm an cheoil Leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil agus i líonraí foghlama do cheoltóirí chun tacú lena gcaidreamh le cur chuige nuálach agus bealaí nua smaointeoireachta maidir le hobair ó thaobh an oideachais i seinm an cheoil Leantar d'infheistíocht a dhéanamh i Líonra an Oifigigh Forbartha/an Chomhordaitheora Ceoil, ag neartú a gcuid feidhmeanna mar fhóram forbartha gairmiúil cumhachtaithe chun tacaíocht a thabhairt don phríomhról ceannaireachta seo Leantar d'infheistíocht a dhéanamh sa taighde le fócas ar cháilíocht a chur in iúl agus sárchleachtas a roinnt ar fud na héagsúlachta maidir leis an oideachas i seinm an cheoil 	<ul style="list-style-type: none"> Feidhm leanúnach Tacaíochta agus Forbartha na hOifige Náisiúnta Forbartha: Réimse tacaíochtaí comhairleoireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta curtha ar fáil do LMEPanna chun teacht a fháil ar an saineolas cuí de réir mar is gá, chun tuiscint phraiticiúil a chothú agus oideachas i seinm an cheoil ar ardchaighdeán a chur ar fáil Tríd an gCiste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe, tugadh spreagadh agus tacaíocht do réimse tionscnamh maidir le forbairt ghairmiúil ag an leibhéal áitiúil Reáchtáladh agus seachadadh cruinnithe démhíosúla Líonra Ceannaireachta, lena n-áirítear cruinniú bliantúil cónaitheach dhá lá. Leanadh de thaighde <i>Possible Selves in Music</i> a scaipeadh ar fud fhóram líonraí foghlama Próifíl Music Generation a ardú i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta trí léirithe agus chuir i láthair

3. Tionchar

Leagtar amach san eolas seo a leanas an tionchar a bhí ag obair Music Generation le linn na bliana 2018:

Rannpháirtíocht, Forbairt Clár, Deiseanna Fostaíochta

- **42,500** leanaí agus daoine óga rannpháirteach i dteagasc an cheoil, leanaí nach mbeadh an rogha acu teacht ar cheol ná a bheith páirteach ann murach sin.
- Cruthaíodh **350** deis fostaíochta, ceoltóirí go príomha
- Teagasc ar fáil i níos mó ná **800** ionad ar fud **11** comhthéacs teagaisc
- **12** Banc Uirlisí
- Cuireadh **56,200** uair an chloig teagaisc ar fáil
- Cuireadh **150** clár difriúil ar fáil ar fud na seánraí ceoil go léir
- **8,300** uirlis ceoil do cheoltóirí óga

Áirítear ar bhuaicphointí roghnaithe ó 2018 ...

- I **MÍ EANÁIR** tháinig Seinnteoírí Sinsearacha Téaduirlisí ó Music Generation Chontae Lú in éineacht le Cór Ardscoil Naomh Pól, An Sruthán, chun taibhiú a dhéanamh ar ‘Gloria’ le Vivaldi in Ardeaglais Chaitliceach Naomh Pádraig, Ard Mhacha. Labhair comhaltaí na Ceolfhoirne Téaduirlisí faoina gcuid eispéireas níos déanaí sa bhliain. [Léigh Tuilleadh](#)
- I **MÍ FEABHRA** seoladh seacht bhfuaimrian nua de chuid Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas le linn Cóisir Éisteachta i dTamhlacht. Is rannpháirtithe sna déaga a rinne na hamhráin a chumadh, a chur in eagar agus a léiriú sa chlár SubSounds Schools faoi threoir meantóirí gairmiúla ceoil. [Éist ar líne](#)
- I **MÍ AN MHÁRTA** bhí sé d'onóir ag ceoltóirí óga i gCathair Chorcaí, lena n-áirítear popghrúpaí agus grúpaí rac, seinm don Uachtarán Michael D. Higgins i Leabharlann Chathair Chorcaí mar chuid den fhéile Cork Lifelong Learning 2018. [Léigh Tuilleadh](#)



- Chuaigh ochtar cláirseoirí ó Music Generation Chontae Laoise i gcion go mór ar na sluaite ag Féile Idirnáisiúnta Cláirsí Dhún Éideann i **MÍ AIBREÁIN** le seit iontach chun tacú le beirt rímháistir sa cheol traidisiúnta Chris Stout agus Catriona McKay. [Féach ar líne](#)
- I **MÍ BEALTAINE** chuir Music Generation Uíbh Fhailí/na hIarmhí méadú lena dtionscadal suaitheanta Conáitheacht Córúil Singfest le go n-áireofaí ‘Community Come and Sing Day’ do chóir agus

d'amhránaithe aonair de gach aois agus taithí chomh maith le 'Sing OUT!' d'amhránaithe óga ó scoileanna dara leibhéal sa dá chontae. [Féach tuilleadh faoi Singfest](#)


- Chuir Music Generation Chathair Luimnigh fáilte roimh thoscairí idirnáisiúnta ó Chomhdháil 2018 The Ireland Funds chuig a Lárionad Cruthaitheachta, Sráid Shisil i **MÍ MEITHIMH**, le linn cuairt speisialta inar cuimsíodh turas ar na háiseanna taifeadta agus léirithe chomh maith le taibhithe ó cheoltóirí córúla, rapcheoil agus hip hap. [Léigh Tuilleadh](#)



- Cuireadh tús fonnmhar le cláreagrú i **MÍ IÚIL** i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, Contae na Gaillimhe, Liatroim, Port Láirge agus Loch Garman agus bhí deiseanna nua ag daoine óga i ngach ceantar triail a bhaint as réamhbhlaiseadh, ceardlanna, agus máistir-ranganna ar fud réimse fairsing stíleanna ceoil. [Léigh Tuilleadh](#)
- I **MÍ LÚNASA** cuireadh fáilte chroíúil roimh thart ar 260 ceoltóir óg traidisiúnta ó sheacht gcontae Music Generation chuig baile Dhroichead Átha ag Fleadh Cheoil na hÉireann 2018. Sheinn na grúpaí ar fad dreas ceoil ar Gig Rig na Fleidhe, rud a chuir beocht sna sráideanna le ceol, rince agus tobshlua. [Féach físeán](#)
- Lean comhpháirtíochtaí Music Generation i mbeagnach gach ceantar sa tír dá dtraidisiún rannpháirtíochta san Oíche Chultúir i **MÍ MEÁN FÓMHAIR**, inar cuimsíodh taibhithe córúla i dTéatar Hawks Well i Sligeach, oícheanta open mic, ceardlanna agus taibhithe. [Léigh Tuilleadh](#)



- I **MÍ DHEIREADH FÓMHAIR**, tugadh cuireadh don ghrúpa traidisiúnta iontach Reilig chuig Fóram Domhanda Bank of America Merrill Lynch arna óstáil in Óstán Shelbourne i mBaile Átha Cliath, áit ar sheinn siad do thoscairí, Cherie Blair CBE QC agus Monica McWilliams an tlar-PhríomhChoimisinéir um Chearta Daonna i dTuaisceart Éireann ina measc. [Léigh Tuilleadh](#)
- I **MÍ NA SAMHNA** roinn Music Generation Chontae Mhaigh Eo léargas ar an gclár ‘Céilí Ukulele’ atá leagtha amach do cheoltóirí óga i gcomhthéacs bunscoile i gCaisleán an Bharraigh agus i mBéal an Átha. Tá sé i gceist leis an gclár eolas ar phrionsabail an cheoil a roinnt agus an luchtóir agus páisean a bhaineann le ceol a sheinm go poiblí a chothú. [Féach fiseán](#)
- I **MÍ NA NOLLAG** roinneadh torthaí an chlár Tionól, atá ar cheann de na comhthionscnaimh is forleithne atá againn, trí chlár faisnéise a eisiúint a chruthaigh rannpháirtí óg. Is comhthionól atá ann do cheoltóirí ar na píoba agus ar an gcláirseach atá á stiúradh ag Music Generation Chontae Laoise. [Féach fiseán](#)



4. Rialachas

- 4.1** Tá próisis oibriúcháin agus rialachais i bhfeidhm ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil Music Generation ag feidhmiú go héifeachtúil agus ag comhlíonadh dualgais rialachais a lucht maoinithe go léir.
- 4.2** Tá córas éifeachtach bainistíochta airgeadais, comhlíonadh agus tuairiscithe i bhfeidhm. Áirítear orthu seo:
- Monatóireacht ar thuairiscí airgeadais ag cruinnithe rialta bainistíochta
 - Cuireadh cuntais bainistíochta faoi bhráid Bhord Music Generation gach ráithe lena gceadú
 - Cuireadh tuairisc ar ioncam agus ar chaiteachas faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna uair sa ráithe
 - Tugadh an Iniúcháireacht ar ráitis airgeadais na bliana 2018 chun críche. Is ar Bhord na Stiúrthóirí a bhí an fhreagracht cuntais chríochnúla na cuideachta don bhliain 2018 a ullmhú
 - Comhlíonadh maidir le gach nós imeachta cuí a bhaineann le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus caidreamh le tríú páirtí
 - Comhlíonann Music Generation gach dualgas faoin dlí maidir le cúrsaí cánach
 - Cloí leis na Cóid Iompair ábhartha Gnó maidir le fostaithe
 - Athbhreithniú bliantúil ar phríomhpholasaithe na cuideachta.
- 4.3** Comhlíonadh na coinníollacha ar fad maidir le cúrsaí rialachais arna leagan síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna:
- Tugann Music Generation straitéisí náisiúnta ábhartha, polasaithe an Rialtais agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ar aird
 - Cuireadh pleananna oibre bliantúla agus tuairiscí bliantúla a ullmhaíodh don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi bhráid i mí Feabhra 2018
 - Cuireadh cuntais ioncaim agus caiteachais, arna n-iniúchadh, ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna
 - Leagtar príomhbhearta oibre agus príomhspríocanna Music Generation amach sa Phlean Straitéise agus tá siad ag teacht le tosaíochtaí an Rialtais agus le Ráiteas Straitéise na Roinne.

5. Comhpháirtithe Maoinithe

Tá Music Generation thar a bheith mórtasach tacaíocht a bheith acu ó:

Príomhdheontóirí Daonchairdis Lucht Maoinithe

U2



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



Bank of America
Merrill Lynch



Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil

Comhpháirtí an Chláir



Aguisín A – Comhaltas agus freastal ar Chruinnithe Boird sa bhliain 2018

	22-Ean	12 -Már	24-Bea	02 -Iúí	10-MF	03-Nol
An tUasal Leo Blennerhassett	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Dr Clíona Doris	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An tUasal Bill Whelan		✓		✓		
Jackie Maguire Uasal			✓		✓	
An tUasal Shaun Purcell	✓	✓				
An tUasal Martin Drury	✓	✓	✓	✓		✓
An tUasal Pat Burke	✓	✓	✓	✓		✓
An tUasal James Morris		✓		✓	✓	✓
Deirdre McCrea Uasal	✓	✓	✓	✓		✓
Chantal O'Sullivan Uasal				✓		
An tUasal David Leahy				✓	✓	✓
Anna Marie Delaney Uasal						✓

Aguisín B - Costais a íocadh le Comhaltaí an Bhoird i rith na bliana 2018

Níor íocadh táillí Stiúrthóirí le Baill an Bhoird in 2018.

Áirítear sna figiúirí thíos costais Chomhaltaí an Bhoird maidir le freastal ar imeachtaí Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil Áitiúla agus le freastal ar chruinnithe an Bhoird.

	€
Leo Blennerhassett	
Pat Burke	
Anna Marie Delaney	
An Dr Clíona Doris	
Martin Drury	
David Leahy	125.69
Jackie Maguire	
Deirdre McCrea	
James Morris	
Chantal O'Sullivan	
Shaun Purcell	370.86
Bill Whelan	